Bunúis don Todhchaí

Tuarascáil an Choimisiúin um Chánachas agus Leas

Achoimre Fheidhmeach agus Moltaí

Achoimre Fheidhmeach

Réamhrá

Tá beartais chánachais agus ar na hionstraimí is mó atá ar fáil don Stát chun tionchar a imirt ar chaighdeáin mhaireachtála na tíre agus a muintire. Imríonn siad tionchar mór ar go leor gnéithe den bheartas eacnamaíoch agus sóisialta. Tá siad mar chuid, seachas iomlán, de chonradh sóisialta níos leithne – an tsraith ceart agus oibleagáidí frithpháirteacha a thagann le cónaí in Éirinn. Ar an gcúis sin, tá díospóireachtaí maidir le cánachas agus caiteachas i gcroílár ár dtraidisiúin dhaonlathaigh.

Bhunaigh an tAire Airgeadais an Coimisiún um Chánachas agus Leas (an Coimisiún) ar an 6 Aibreán 2021, agus tar éis do chomhaltaí a bheith ceaptha, chuir sé tús lena chuid oibre i Meitheamh 2021. D'iarr téarmaí tagartha an Choimisiúin go ndéanfaí breithmheas foriomlán ar oiriúnacht na gcóras cánachais agus leasa do riachtanais reatha agus do riachtanais thodhchaí na hÉireann, agus go ndéanfaí breithniú ar roinnt ábhar beartais ar leith. Tarraingítear comhaltaí an Choimisiúin ó chúlraí éagsúla agus tugann siad raon saineolais chuig obair an Choimisiúin ó réimsí ábhartha, lena n-áirítear cánachas, beartas sóisialta, eacnamaíocht, riarachán poiblí, gnó, fiontar, dlí agus an tsochaí shibhialta i gcoitinne. Is é ról an Choimisiúin ná seasamh siar ó ábhair imní laethúla agus comhairle a sholáthar don Rialtas, agus don phobal, maidir leis an gcaoi ar cheart na córais chánachais agus leasa a athchóiriú chun freagairt do riachtanais na tíre.

Is de chineál straitéiseach sainráite é cúram an Choimisiúin. I bhfianaise a shainordaithe fhadréimsigh, agus iarratas an Rialtais ar an gCoimisiún tuairisciú don Aire Airgeadais faoin 1 Iúil 2022, níorbh é obair an Choimisiúin athbhreithniú cuimsitheach líne ar líne a dhéanamh ar gach gné de na córais chánachais agus leasa

shóisialaigh araon, ach féachaint ar an dá chóras agus ar a n-idirghníomhaíocht ar bhealach iomlánaíoch le peirspictíocht fhadtéarmach. Mar gheall air seo, bhí breithiúnas ag teastáil ar cé na saincheisteanna is suntasaí agus is ábhartha do shainchúram an Choimisiúin, agus tacar soiléir prionsabal cumadóireachta a chur i bhfeidhm.

Tá ceist na hinbhuanaitheachta fioscaí, mar a leagtar amach i gCaibidil 4 den tuarascáil seo, chomh mór agus chomh práinneach sin go bhfuil cur chuige glanioncam tiomsaithe glactha ag an gCoimisiún. I bhfianaise phróifíl dhéimeagrafach na hÉireann, leibhéal an fhiachais phoiblí, agus roinnt rioscaí fioscacha eile, tá sé dosheachanta go dtiocfaidh méadú ar iomlán an chánachais a theastaíonn chun seirbhísí poiblí a mhaoiniú sna blianta amach romhainn. Cé gur faoin gcóras daonlathach atá sé an leibhéal caiteachais ar sheirbhísí poiblí a chinneadh, chun na hionchais atá ann cheana maidir le soláthar seirbhíse poiblí a chomhlíonadh, is é fírinne an scéil go mbeidh ioncam cánach breise ag teastáil ón Stát. Dá réir sin, tá sé i gceist le moltaí an Coimisiúin ioncam a mhéadú go díreach nó struchtúir an chórais chánachais agus an chórais árachais shóisialta a athchóiriú ionas gur féidir ioncam breise a chruinniú le himeacht ama ar an gcostas is ísle is féidir, agus i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha amach ag an gCoimisiún - féach Caibidil 3 (Cuspóirí agus Prionsabail).

Is téama athfhillteach i bplé an Choimisiúin í ceist an chomhtháthaithe shóisialta, agus, uaidh sin, an cothromas idirghlúine. Le tríocha bliain anuas, tá sochaí na hÉireann ag éirí níos saibhre agus rud beag níos cothroime. Ní féidir glacadh leis an dul chun cinn sóisialta seo, áfach, agus braithfidh sé ar sholáthar leanúnach íocaíochtaí leordhóthanacha leasa shóisialaigh, ardleibhéil rannpháirtíochta sa lucht saothair agus córas forásach agus cothrom cánachais, agus ar Éirinn a bheith

fós ina suíomh iomaíoch le haghaidh infheistíochta agus cruthú fostaíochta. Braitheann sé go bunúsach freisin ar chórais chánachais agus leasa na hÉireann ag cur gach duine san áireamh agus ag tacú leo. Cuid ríthábhachtach den chur chuige seo is ea inbhuanaitheacht an chórais árachais shóisialaigh a chinntiú trí athchóirithe ar an gcóras Árachais Shóisialaigh Phá-Choibhneasa (ÁSPC).

Chomh maith le haghaidh a thabhairt ar na rioscaí déimeagrafacha agus na rioscaí fioscacha eile a leagadh amach níos luaithe, tá dúshlán sainiúil an laghdaithe carbóin roimh Éirinn freisin agus ní mór di aghaidh a thabhairt air ar bhealach a chinntíonn an comhtháthú sóisialta. Creideann an Coimisiún go bhfuil ról tábhachtach ag na córais chánachais agus leasa chun geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach, agus gur cheart é sin a bhaint amach go cúramach trí 'aistriú cóir'. Chuige sin, beidh gá le cur i bhfeidhm leanúnach na Cánach Carbóin agus laghduithe forásacha ar fhóirdheontais do bhreoslaí iontaise, d'fhonn cánacha ar bhreoslaí iontaise a ailíniú níos fearr lena gcion carbóin. Le himeacht ama, de réir mar a thiteann rátaí úsáide breoslaí iontaise, déanfaidh ioncam ó chánacha gaolmhara amhlaidh. Dá bhrí sin, is gá tús a chur le pleanáil chun an t-ioncam sin a athsholáthar ar bhealach cóir agus inbhuanaithe.

Le linn a chuid oibre, tuigeann an Coimisiún gur gá timpeallacht thacúil a chinntiú d'fhiontar, nuálaíocht agus infheistíocht in Éirinn. Tá geilleagar na hÉireann tar éis athrú ó bhonn le tríocha bliain anuas, ach ní féidir glacadh go réidh leis an rath seo. Cé go bhfuil sé tábhachtach leanúint d'Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a mhealladh, tá sé tábhachtach freisin infheistíocht agus fás i bhfiontar dúchasach a chur chun cinn, lena n-áirítear fiontraíocht nuálach. I ndáil leis sin, tá fócas ar leith ag teastáil ar airgead a bheith ar fáil do chuideachtaí luathchéime, ar thacaíocht

do thaighde agus d'fhorbairt, agus ar a chinntiú gur féidir le fiontar tallann a mhealladh. Ar an gcaoi chéanna, tá sé ríthábhachtach, go sóisialta agus go heacnamaíoch, ardleibhéal fostaíochta a choinneáil, agus léirítear é sin i roinnt moltaí ón gCoimisiún.

Tá sé i gceist sa tuarascáil ón gCoimisiún pacáiste cothrom de thograí athchóirithe a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Cé gur cinnte go gcuirfear beartais chánachais agus leasa i bhfeidhm thar shraith buiséid bhliantúla, tá sé tábhachtach an tuarascáil a fheiceáil ar bhealach iomlánaíoch. Mar a fheictear go soiléir i moltaí frámála an Choimisiúin maidir le cothromaíocht an chánachais, tá ceanglas ann maidir le hathchóiriú agus athrú i roinnt ceannteidil chánach, agus tá sé beartaithe go suífidh moltaí an Choimisiúin ina leith sin in éineacht lena chéile agus go n-oibreoidh siad le chéile chun inbhuanaitheacht an chórais chánachais ina iomláine a dhaingniú. Ar an mbonn céanna, i réimse an bheartais leasa, tá na moltaí a dhéantar ina gcuid de chur chuige foriomlán cothrom atá nasctha go daingean leis na moltaí maidir le cánachas.

Tá an Coimisiún ar an eolas go bhfuil a thuarascáil á foilsiú le linn tréimhse bhoilscithe mhear a imríonn tionchar tromchúiseach ar chaighdeáin mhaireachtála teaghlaigh. Baineann an tuarascáil seo, áfach, le riachtanais mheántéarmacha agus fhadtéarmacha gheilleagar na hÉireann, agus rinne an Coimisiún iarracht breathnú ar na deacrachtaí atá ann faoi láthair agus peirspictíocht níos fadtéarmaí a ghlacadh. I bhfianaise an chur chuige sin, níltear ag súil, agus níl sé réalaíoch, gur cheart moltaí an Choimisiúin ar fad, agus iad idirnasctha, a chur chun feidhme ag an am céanna. Ina ionad sin, déantar moltaí an Choimisiúin agus é ag súil leis go mbeidh anailís mhionsonraithe ag teastáil ar thionchar pleanála agus dáileacháin (ar mhaithe le huirlisí feabhsaithe) de réir mar a bheidh na hathruithe riachtanacha á dtabhairt isteach de réir a

chéile le himeacht ama. Ní mór machnamh cúramach a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir na hathchóirithe a theastaíonn agus na hathchóirithe atá bunaithe ar phrionsabail a mholaimid a chur i bhfeidhm, agus ar an gcaoi a bhféadfadh idirghníomhaíochtaí idir moltaí dul i bhfeidhm, i gcúinsí áirithe, ar shraitheanna áirithe teaghlach agus gnólachtaí. Ar an gcaoi chéanna, braithfidh toradh nó costas moltaí éagsúla ar cathain a thabharfar isteach iad agus ar na cúinsí ag an am sin. Dá réir sin, bhí sé de chuspóir ag an gCoimisiún gan a bheith ró-shaintreorach, agus prionsabail agus treoracha soiléire taistil á leagan amach aige ag an am céanna. Ní chiallaíonn sé sin gur féidir gníomhaíocht chun aghaidh a thabhairt ar an inbhuanaitheacht fhioscach a chur ar atráth. Ina ionad sin, ba cheart beart a dhéanamh ar bhealach tomhaiste agus d'aon ghnó chun riosca a laghdú agus chun na costais a bhaineann le cánacha níos airde don tsochaí a íoslaghdú.

Tógann na prionsabail a ghlac an Coimisiún ar choincheapa seanbhunaithe a thuigtear i réimsí an chánachais agus an leasa agus ar obair na gCoimisiún um Chánachas a bhí ann roimhe seo agus an Choimisiúin um Leas Sóisialach, ag léiriú ábhair imní chomhaimseartha freisin, lena n-áirítear:

Inbhuanaitheacht

Sa 21ú haois, is gá inbhuanaitheacht a shainaithint mar phrionsabal éagsúil agus sainiúil maidir le dearadh cánachais agus leasa. Tá gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil ag baint le coincheap na hinbhuanaitheachta. Cé gur aithin teoiric eacnamaíoch i gcónaí cás maidir le cánachas ar 'sheachtrachtaí' ar fhorais éifeachtúlachta, tá scála an dúshláin aeráide chomh mór sin agus chomh sistéamach sin go gcaithfear breathnú ar an inbhuanaitheacht mar phrionsabal dearaidh don chánachas agus don leas araon. Thairis sin, is breithniú tábhachtach í an inbhuanaitheacht fhioscach freisin.

Cómhalartacht

Tá na córais chánachais agus leasa tagtha chun cinn thar thréimhse fhada ama, agus tá siad i gcroílár an chonartha shóisialta - an méid atá dlite dá chéile againn. Íocaimid cánacha agus ranníocaíochtaí leasa shóisialaigh go comhthiomsú agus muid ag súil, nuair is gá, gur féidir linn brath ar thacaíochtaí leordhóthanacha leasa shóisialaigh, agus go mbainimid leas as a bheith ag maireachtáil i sochaí a dhéanann iarracht an leibhéal bochtaineachta is ísle is féidir a bhaint amach. Táimid ag súil freisin gur cheart do gach duine in aois fostaíochta atá in ann obair é sin a dhéanamh de réir a gcumais agus de réir choincheap rannpháirtíochta na sochaí, atá ag teacht chun cinn. Mar chuid den tsraith oibleagáidí frithpháirteacha seo, tá sé tábhachtach go nglacann gach duine páirt, a mhéid is féidir, chun tacú lenár gcóras leasa trí chánachas agus ÁSPC.

Leordhóthanacht

Cuspóir a roinneann na córais chánachais agus leasa araon is ea ioncaim an mhargaidh a athdháileadh chun comhionannas níos fearr a bhaint amach agus an bhochtaineacht a chosc. Is cuid de chuspóir níos leithne é seo chun a chinntiú go gcosnaítear daoine ar chaillteanas tobann ioncaim, gur féidir le gach duine páirt a ghlacadh sa tsochaí, agus comhtháthú sóisialta a ghiniúint. Chun na haidhmeanna seo a bhaint amach, tá bunriachtanas ann go gcaithfidh tacaíochtaí ioncaim a bheith leordhóthanach maidir leis na caighdeáin mhaireachtála atá i réim, bonn ar a leagann Coimisiún 1986 ar Leas Sóisialach béim ar leith. Mar a léirímid in áiteanna eile sa tuarascáil seo, tá gaol soiléir idir leordhóthanacht na tacaíochta ioncaim agus treochtaí bochtaineachta le blianta beaga anuas. Tá ceist na leordhóthanachta caolchúiseach, áfach, agus tá sí níos leithne ná socrú agus tagarmharcáil rátaí leasa shóisialaigh. Ní mór é a leagan i bhfráma lena n-áirítear córas

cánachais agus leasa a bheith ann a thacaíonn le daoine atá rannpháirteach sa mhargadh saothair, a bheith in ann a n-ioncam a fheabhsú gan teagmháil a dhéanamh le himill aille agus gaistí, agus a bheith in ann a n-acmhainneacht tuillimh a fheabhsú trí scileanna agus taithí a fháil.

Cothromas

Ba cheart cánacha agus ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh a thobhach ar aon dul le coincheap an chothromais. Ba cheart dóibh siúd in imthosca comhchosúla rannchuidiú go cothrom, agus coincheap an chothromais chothrománaigh a leabú. Os a choinne sin, éilíonn cothromas ingearach gur cheart dóibh siúd ar féidir leo níos mó a chur leis é sin a dhéanamh ar leibhéal córais. Níor cheart cánachas a bheith coigistéireach ach, ag an am céanna, cruthaítear deacrachtaí freisin agus díolúine ó cháin á tabhairt do ghrúpaí, earnálacha nó gníomhaíochtaí móra.

Éifeachtúlacht

Is córas cánach éifeachtúil, nó neodrach, é córas cánach a phléann le gníomhaíochtaí comhchosúla ar bhealaí comhchosúla, agus ar an gcaoi sin laghdaíonn sé saobhadh atá costasach go heacnamaíoch agus go sóisialta. Ar an gcuma chéanna, ba cheart córas cosanta sóisialta feidhmiúil a bheith éifeachtúil, éasca le nascleanúint a dhéanamh agus ba cheart go gcaithfeadh sé le daoine aonair in imthosca comhchosúla ar an mbealach céanna. Seachnóidh córais chánachais agus leasa atá dea-dheartha 'gaistí' a chruthaíonn dídhreasachtaí láidre chun dul isteach sa mhargadh saothair nó chun na huaireanta a oibrítear a mhéadú. De ghnáth cuidíonn riarachán éifeachtach agus simplíocht an dearaidh le córais a bheith níos éifeachtúla.

Agus úsáid á baint as na cúig phrionsabal sin chun a chuid oibre a fhrámáil, agus trína gcur i bhfeidhm ar na téarmaí tagartha agus

iad ar an eolas faoi na dúshláin agus na deiseanna a leagtar amach i gCaibidil 2 (Comhthéacs), chinn an Coimisiún ar na príomhtheachtaireachtaí seo a leanas, a ndéantar tuilleadh forbartha orthu le linn na tuarascála.

Príomhtheachtaireachtaí

- Tá dúshláin mhóra inbhuanaitheachta roimh Éirinn. Le himeacht ama, beidh an leibhéal foriomlán cánachais mar sciar den ioncam náisiúnta le méadú.
- Cé gur fheidhmigh na córais chánachais agus leasa atá ann cheana go maith in go leor réimsí, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin inbhuanaitheachta fioscacha, agus ar riachtanais níos leithne na tíre, tá roinnt athchóirithe suntasacha ag teastáil.
- Is gá an bonn cánach a leathnú chun teorainn a chur leis an ngá atá le méaduithe ar rátaí cánach agus chun inbhuanaitheacht an chórais chánachais a dhaingniú i gcoinne dúshláin a bheidh ann amach anseo. Is éard a bheidh i gceist leis seo ná an bonn a leathnú laistigh de cheannteidil chánach agus an toradh ó chánacha is lú saobhadh a mhéadú, spriocanna comhshaoil a chur chun cinn agus dul chun cinn foriomlán an chórais a fheabhsú. Ní mór do chothromaíocht an chánachais imeacht ó chánacha ar shaothar agus i dtreo cánacha ar chaipiteal, ar rachmas agus ar thomhaltas. Tá gá freisin leis an gcóras ÁSPC a neartú. Ní mór srian a chur leis an róspleáchas ar fháltais ó Cháin Chorparáide chun an bonn cánach a chúngú nó caiteachas poiblí a mhéadú.
- Cé go bhfuil cánacha pearsanta an-fhorásach, tá níos mó fadhbanna ag eascairt as líon mór daoine ón gcóras cánach pearsanta a eisiamh ó thaobh na hinbhuanaitheachta fioscaí agus na cómhalartachta de,

rud a mhéadaíonn leochaileachtaí. Is é ÁSPC an tosaíocht athchóirithe sa réimse seo. Ba cheart roinnt athchóirithe a dhéanamh ar ÁSPC chun an bonn a leathnú agus ioncam an chiste árachais shóisialaigh a fheabhsú.

- Chun cothromas agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn, ba cheart deireadh a chur, de réir a chéile, le cóireáil fhabhrach Cánach Ioncaim nó Muirir Shóisialaigh Uilíoch (MSU) bunaithe ar thosca amhail aois nó tréithe pearsanta. Chomh fada agus is féidir, agus gan mórán eisceachtaí, ba cheart muirir Cánach Ioncaim agus ÁSPC a bheith bunaithe ar ioncam amháin, agus ba cheart caitheamh go cothrom le cineálacha éagsúla ioncaim.
- Tá sciar an chánachais ó mhaoin agus ó shaibhreas íseal agus ba cheart é a mhéadú. Cé nach bhfuil cáin ghlan rachmais á moladh ag an gCoimisiún; ba chóir an toradh ó Cháin Ghnóthachan Caipitiúil (CGT) agus ó Cháin Fháltas Caipitiúil (CAT), chomh maith le cánacha ar thalamh agus ar mhaoin, a mhéadú go suntasach. Ba cheart deireadh a chur le saobhadh laistigh den chóras, amhail an chaoi a gcaitear le bás chun críocha CGT.
- Ba chóir Cáin ar Luach Suímh (CLS)a thabhairt isteach, a bhaineann leis an talamh go léir nach bhfuil faoi réir na Cánach Maoine Áitiúla (CMÁ), in ionad an chórais reatha Rátaí Tráchtála. Ba cheart go mbeadh cóireáil dhifreálach i bhfeidhmiú CLS ar thalamh talmhaíochta.
- Is cáin dhea-fheidhmiúil í an CMÁ, agus ba chóir an toradh a mhéadú go hábhartha. Molann an Coimisiún nár cheart dreasachtaí cánach a úsáid chun soláthar tithíochta a spreagadh.
- Tá ról tábhachtach ag an gcóras cánach maidir le laghdú carbóin a chur chun cinn. Ba cheart sceideal na

méaduithe ar Cháin Charbóin go 2030 a chur chun feidhme, agus ba cheart cáin a ghearradh ar bhreoslaí iontaise i gcomhréir lena gcion carbóin, rud a éileoidh deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais intuigthe. De réir mar a laghdaíonn an toradh ó chánacha ar bhreoslaí iontaise, beidh sé riachtanach cánacha nua a chur in ionad na n-ioncam seo, lena n-áirítear muirir úsáide bóthair. Sa ghearrthéarma, tacaíonn an Coimisiún le táille phlódaithe a thabhairt isteach.

- Ba cheart athchóiriú a dhéanamh ar an gCáin Bhreisluacha (CBL) chun a toradh a mhéadú agus na rátaí laghdaithe speisialta atá ann cheana a chumasc agus iad a mhéadú de réir a chéile le himeacht ama. Níor cheart laghduithe sealadacha CBL a úsáid mar bheart frith-thimthriallach. Ba cheart riarachán CBL a nuachóiriú.
- Tá scóip ann feabhsuithe suntasacha a dhéanamh ar an gcóras leasa trí athchóirithe a dhíríonn ar thacú le fostaíocht, aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht leanaí agus éifeachtaí imeall aille a bhaint a thabhairt isteach go forchéimnitheach. Ní thacaíonn an Coimisiún le Bunioncam Uilíoch a thabhairt isteach.
- Tá leordhóthanacht na rátaí leasa shóisialaigh lárnach do laghdú na bochtaineachta. Ba cheart cleachtaí tagarmharcála rialta a dhéanamh le haghaidh íocaíochtaí in aois oibre, lena socrófaí spriocanna ilbhliantúla maidir le dul chun cinn sna rátaí.
- Ba cheart íocaíochtaí in aois fostaíochta a athchóiriú chun bogadh i dtreo íocaíocht cúnaimh in aois oibre atá ar fáil do gach teaghlach. Ba cheart an córas tacaíochta ioncaim leanaí atá ann cheana a fheabhsú leis an dara leibhéal de thacaíocht ioncaim leanaí, chomh maith le Sochar Linbh, do theaghlaigh ar ioncam íseal. D'fhéadfaí

na hathchóirithe sin a chur chun cinn go húsáideach i ndiaidh a chéile.

- Ba chóir go mbeadh ráta ÁSPC fostóra aonair ann, agus méadú céimseach ar an ráta Aicme S do dhaoine féinfhostaithe. Tá gá le hathchóirithe eile chun bonn an chórais ÁSPC a leathnú.
- I bhfianaise athruithe ar ghnásanna sóisialta agus ar struchtúir theaghlaigh, ba cheart indibhidiúlú a chur chun cinn sna córais Cánach Ioncaim agus leasa (cé go mbíonn ciall éagsúil leis an téarma seo i ngach córas).
- Tá go leor de na bloic thógála atá ríthábhachtach chun fiontraíocht a chur chun cinn i straitéis reatha na hÉireann maidir le cáin chorparáide. Tá sé tábhachtach leanúint den timpeallacht seo a choinneáil d'fhiontar, nuálaíocht agus infheistíocht. Tá beartais cháinbhunaithe chun tacú le táirgiúlacht agus fás fostaíochta i bhFiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna) iomchuí, ach ba cheart iad a dhíriú ar ghnólachtaí luathchéime, ardriosca agus atá dian ar thaighde agus forbairt agus iad a dhéanamh níos inrochtana dóibh.
- Cé gur cóir coigilteas i gcomhair scoir a dhreasú, tá athchóirithe ag teastáil le cinntiú go ngearrtar cáin chuí ar choigilteas faoi fhaoiseamh cánach ag an bpointe íostarraingthe. Teastaíonn beartas follasach chun leibhéal an ioncaim scoir a shonrú a bhfuil fóirdheontais chánach oiriúnach dóibh. Ba cheart cur chuige níos solúbtha a ghlacadh chun coigilteas níos fearr i gcomhair scoir a spreagadh ag aoiseanna níos óige, faoi réir teorainn saoil iomchuí.
- Is iomchuí Dleachtanna Máil a úsáid chun cur i gcoinne tomhaltais alcóil agus tobac agus chun tacú le sláinte an phobail. Ba cheart an nasc idir réasúnaíocht na sláinte

poiblí agus dearadh na gcánacha sin a neartú. Ba cheart don Rialtas an ceart cánacha a fhorchur ar thomhaltas bianna an-phróiseáilte a fhorchoimeád, d'fhonn tacú lena bheartas athmhúnlaithe.

- Níor cheart caiteachais chánach a thabhairt isteach ach amháin i gcás ina bhfuil cliseadh soiléir margaidh agus ina ndearnadh roghanna caiteachais dhírigh a scrúdú. Teastaíonn sonraí níos fearr agus tuilleadh acmhainní le haghaidh meastóireachta, lena n-áirítear piarmheasúnú.
- Ag tógáil ar an dul chun cinn go dtí seo, moltar tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i gclaochlú digiteach an riaracháin chánach; lena n-áirítear comhtháthú próiseas cánach a mhéadú i ngníomhaíochtaí laethúla an cháiníocóra.
- Tá cur chuige straitéiseach ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin fhioscacha fhadtéarmacha. Ba cheart timthriall an bhuiséid bhliantúil a fheabhsú chun foráil a dhéanamh do dhíospóireacht níos mó ar na saincheisteanna sin, agus ba cheart na hionstraimí fioscacha agus na córais riaracháin a theastaíonn a chur i bhfeidhm chun déileáil leo roimh ré.

Breac-chuntas na tuarascála

Cuid 1

I **gCuid 1** den tuarascáil, dar teideal *Cur Chuige Straitéiseach*, leagtar amach an cur chuige atá glactha ag an gCoimisiún maidir lena chuid oibre, agus an comhthéacs ina bhfuil a chuid oibre suite.[1]

Mínítear i **gCaibidil 1** an chaoi ar bhain cur chuige an Choimisiúin le roghnú cúramach na saincheisteanna ar cheart díriú orthu, ag seasamh siar ó chonspóidí laethúla chun peirspictíocht fhadtéarmach a ghlacadh. I **gCaibidil 2**, leagtar amach conas a d'fhéach an Coimisiún ar athruithe i ngeilleagar na hÉireann le tríocha bliain anuas, d'fhonn oiriúnacht na gcóras cánachais agus leasa don todhchaí a mheas. Is iontach an t-athrú atá tagtha ar gheilleagar na hÉireann agus ar shochaí na hÉireann le linn na tréimhse sin, agus tá ról tábhachtach ag na córais chánachais agus leasa san athrú sin. Sa chaibidil seo freisin, pléitear cuid de na 'meigithreochtaí' móra ar dóigh dóibh tionchar a imirt ar bheartas sna blianta amach romhainn, lena n-áirítear athrú teicneolaíochta, déimeagrafaíocht agus an t-athrú aeráide. Leagtar amach i **gCaibidil 3** ansin na croíchuspóirí beartais nach mór do na córais chánachais agus leasa aghaidh a thabhairt orthu i.e. an inbhuanaitheacht fhioscach, leordhóthanacht agus comhionannas ioncaim, fiontraíocht, nuálaíocht agus fostaíocht a chur chun cinn, agus gníomhú ar son na haeráide. Déantar cur

[1] Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil Tuarascáil an Choimisiúin deartha chun pacáiste cothrom de thograí athchóirithe idirnasctha a bhunú, bunaithe ar shraith croíphrionsabal. Ag an am céanna, i bhfianaise anáil na dtéarmaí tagartha, táthar ag súil go mbeidh níos mó suime ag roinnt léitheoirí i saincheisteanna áirithe. Dá réir sin, tá crostagairt fhairsing sa téacs agus gné éigin den athrá chun éascú a dhéanamh ar chaibidlí aonair a léamh ar bhonn neamhspleách.

síos freisin ar na prionsabail atá glactha ag an gCoimisiún agus é ag treorú a chuid oibre, is iad sin Inbhuanaitheacht, Cómhalartacht, Leordhóthanacht, Cothromas agus Éifeachtúlacht.

Cuid 2

I **gCuid 2** den tuarascáil, dar teideal *Inbhuanaitheacht Fhioscach agus Cothromas i gCánachas*, leagtar amach ar bhealach níos mionsonraithe scála an dúshláin fhioscaigh, agus moltaí an Choimisiúin maidir leis an gcaoi ar cheart dul i ngleic leis sin.

I **gCaibidil 4**, leagtar amach cuid de na príomhrioscaí fioscacha atá roimh shochaí na hÉireann, lena n-áirítear daonra atá ag dul in aois, ardleibhéil fiachais phoiblí, agus spleáchas, atá ag méadú, ar fháltais ó Cháin Chorparáide. Mínítear an fáth ar ghlac an Coimisiún cur chuige glanioncam tiomsaithe, lena sainaithnítear réimsí inar féidir ioncam a mhéadú agus athchóirithe ar na córais chánachais agus leasa a theastaíonn chun toradh cánach níos airde a bhaint amach agus, ag an am céanna, costais eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil a íoslaghdú.

Pléitear i **gCaibidil 5** an chaoi ar tháinig méadú ar chothromaíocht an chánachais le blianta beaga anuas, déantar comparáid idir comhdhéanamh fáltas ó cháin in Éirinn agus tíortha Eorpacha eile, agus déantar moltaí maidir leis an gcaoi ar cheart an chothromaíocht sin a fhorbairt le himeacht ama. Ag croílár chur chuige an Choimisiúin tá leathnú an bhoinn chánach. Ba chóir don Rialtas díriú ar dhul chun cinn na gcánacha pearsanta atá ann cheana a choinneáil gan an bonn Cánach Ioncaim nó MSU a chreimeadh tuilleadh. Ba cheart go ndíreodh athchóirithe bonnleathnaithe ar ÁSPC agus ar aghaidh a thabhairt ar ábhair imní chothrománacha maidir le cothromas. Ba cheart

breithniú a dhéanamh ar bhonn na gcánacha tomhaltais a leathnú, béim a leagan ar úsáid rátaí nialasacha agus rátaí laghdaithe CBL a theorannú agus ar roinnt cánacha a bhaineann leis an gcomhshaol a thabhairt isteach, agus athchóirithe ar chánacha atá ann cheana, chun teacht in ionad sruthanna ioncaim agus chun tacú leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin.

I **gCaibidil 6**, breathnaítear ar roinnt saincheisteanna a thagann chun cinn maidir le cothromas cothrománach. Molann an Coimisiún gur chóir aois a bhaint mar ghné chun an muirear ar Cháin Ioncaim agus MSU a chinneadh. Ba cheart rátaí MSU a chinneadh de réir leibhéal ioncaim agus ní de réir aon chritéir cháilitheachta eile. Ba chóir cáin a ghearradh ar ioncam úis ar thaiscí ag ráta imeallach Cháin Ioncaim agus MSU an duine aonair, agus ba cheart córas a fhorbairt chun bailiúchán na muirear seo ag an bhfoinse i bhfíor-am a éascú. Molann an Coimisiún an bonn CBL a leathnú trí theorainn a chur le húsáid rátaí laghdaithe agus an ráta nialasach CBL. Ní thacaíonn an Coimisiún le laghduithe sealadacha CBL a úsáid mar bheart spreagtha gearrthéarmach.

Leagtar amach i **gCaibidil 7** cur chuige an Choimisiúin maidir le cánachas ar chaipiteal agus ar rachmas. Cé nach moltar cáin ghlanrachmais a thabhairt isteach, molann an Coimisiún roinnt athchóirithe móra chun an toradh ó chánacha caipitil atá ann cheana a mhéadú agus éifeachtúlacht na gcánacha caipitil sin a fheabhsú. Ina measc seo tá cur i bhfeidhm CGT ag tráth an bháis, ciorrú a dhéanamh ar fhaoisimh fhairsinge a bhaineann le CGT agus CAT faoi láthair, agus íosmhuirear caipitil a thabhairt isteach ar oidhreachtaí agus ar bhronntanais.

Tugtar aghaidh i **gCaibidil 8** ar roinnt ábhar imní agus moltaí gaolmhara maidir le caiteachais chánach a bhaineann le pinsin. Tacaíonn an Coimisiún le leanúint den tsamhail reatha

'Díolmhaithe, Díolmhaithe, Inchánach' (DDI), ach molann sé go gcuirfí an tsamhail sin i bhfeidhm ar bhealach níos éifeachtaí. Teastaíonn beartas soiléir maidir leis an leibhéal ioncaim scoir is iomchuí don chóras cánach chun tacú leis, agus ba cheart cur chuige níos solúbtha a ghlacadh chun céimthógáil leibhéal an choigiltis thar shaol oibre a éascú.

Cuid 3

I **gCuid 3** den tuarascáil, dar teideal *Spriocanna Beartais*, tugtar aghaidh ar shaincheisteanna beartais ar leith a cuireadh san áireamh i dtéarmaí tagartha an Choimisiúin.

I **gCaibidil 9**, leagtar amach moltaí an Choimisiúin chun fiontraíocht a chur chun cinn. Is díol sásaimh don Choimisiún an dul chun cinn atá déanta ar an leibhéal idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar chleachtais ionsaitheacha agus/nó dhíobhálacha cánach corparáide, agus tacaíonn sé freisin leis an Réiteach Dhá Cholún chun Aghaidh a thabhairt ar na Dúshláin Chánach a Eascraíonn as Digitiú an Gheilleagair.[2] Tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil go leor de na bloic thogála chun fiontar a chur chun cinn ann cheana féin i straitéis reatha na hÉireann maidir le cáin chorparáide leathanbhunaithe. Mar sin féin, chun fás agus nuálaíocht táirgiúlachta a fheabhsú, tá ról ann do dhreasachtaí cánach spriocdhírithe a thacaíonn le fiontar, ar choinníoll go bhfuil siad dírithe go soiléir ar ghnólachtaí nuathionscanta luathchéime, taighde agus forbairt agus ag mealladh scileanna.

I **gCaibidil 10**, pléitear cur chuige straitéiseach foriomlán an Choimisiúin maidir le forbairt an bheartais chosanta shóisialta, a fhorbraítear ina dhiaidh sin i gCaibidil 11 (Fostaíocht a Chur

[2] Arna fhorbairt ag Creat Cuimsitheach ECFE/G20 ar BEPS

Chun Cinn) agus i gCaibidil 12 (Cosaint Shóisialta Chuimsitheach Chomhtháite). Cuid lárnach den chur chuige seo, a leagtar amach i gcaibidil 10, is ea sraith moltaí chun bonn ÁSPC a leathnú chun tacú le hinbhuanaitheacht an chórais.

Leagtar amach i **gCaibidil 11** moltaí chun tacú le fás fostaíochta, lena n-áirítear rósheasmhacht ar chánacha saothair a sheachaint, aghaidh a thabhairt ar 'ghaistí' sna córais chánachais agus leasa shóisialaigh, agus leathnú leanúnach ar ról na Seirbhíse Fostaíochta Poiblí.

Tugtar aghaidh i **gCaibidil 12** ar an tsaincheist maidir le leordhóthanacht na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh, agus déantar roinnt moltaí maidir le hathchóiriú, lena n-áirítear athruithe ar shochair laistigh den fhostaíocht, an dara sraith de thacaíocht ioncaim leanaí, agus breis 'indibhidiúlúaithe' i gcás íocaíochtaí leasa shóisialaigh.

Leagtar amach i **gCaibidil 13** conclúidí agus moltaí an Choimisiúin maidir le ról an chánachais maidir le laghdú in astaíochtaí carbóin a spreagadh, trí na méaduithe sceidealta ar an gCáin Charbóin a chur chun feidhme agus trí fhóirdheontais do bhreoslaí iontaise a laghdú. Tugtar aghaidh freisin ar a thábhachtaí atá sé cánacha nua a fhorbairt chun teacht in ionad an ioncaim ó chánacha ar bhreoslaí iontaise, lena n-áirítear muirir ar úsáid bóthair.

Pléitear i **gCaibidil 14** cánachas ar thalamh agus ar mhaoin, mar a bhaineann sé le tithíocht a sholáthar agus maidir lena rannchuidiú cuí le cothromaíocht fhoriomlán an chánachais. Tá sé á mholadh ag an gCoimisiún CLS a thabhairt isteach ar gach talamh nach bhfuil faoi réir an CMÁ.

I **gCaibidil 15**, pléitear conclúidí an Choimisiúin i ndáil lena chuid théarmaí tagartha a bhaineann leis an tsláinte phoiblí.

Cuid 4

Tugtar *Córais Níos Fearr* ar **Chuid 4** den tuarascáil agus dírítear ar mholtaí chun an córas riaracháin chánach a fhorbairt chomh maith le hathchóirithe ar fhorbairt bheartais agus ar mheastóireacht.

I **gCaibidil 16**, pléitear tuairimí an Choimisiúin maidir leis an gcóras chun meastóireacht a dhéanamh ar chaiteachais chánach, agus déantar moltaí maidir le modheolaíocht, acmhainní breise agus piarmheasúnú.

Pléitear i **gCaibidil 17** le nuachóiriú leanúnach an chórais riaracháin chánach, agus déantar roinnt moltaí chun tacú le tuilleadh claochluithe digiteacha sa riarachán cánach.

Ar deireadh, i **gCaibidil 18**, tugtar roinnt nótaí tráchta agus moltaí maidir lena thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar dhíospóireacht ar an inbhuanaitheacht fhioscach mheántéarmach agus fhadtéarmach agus ar a thábhachtaí atá sé cur chuige straitéiseach a ghlacadh chun an inbhuanaitheacht sin a bhaint amach.

Liosta Moltaí

Caibidil 4: Inbhuanaitheacht Fhioscach	
4.1	Molann an Coimisiún, i bhfianaise na mbagairtí meántéarmacha agus fadtéarmacha ar inbhuanaitheacht fhioscach, nach mór leibhéal foriomlán an ioncaim a bhailítear ó cháin agus Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa mar sciar den ioncam náisiúnta a mhéadú go hábhartha chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Ba cheart na torthaí méadaithe sin a fháil ar bhealach a íoslaghdaíonn costais eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil.

Caibidil 5: Comhardú an Chánachais	
5.1	Molann an Coimisiún go leanfadh an Rialtas ag díriú ar bhonn an chánachais a leathnú i ngach catagóir cánachais.
5.2	Molann an Coimisiún gur cheart don Rialtas díriú ar dhul chun cinn an chórais chánacha pearsanta atá ann cheana a choinneáil gan tuilleadh creimeadh a dhéanamh ar bhonn na Cánach Ioncaim nó an Mhuirir Shóisialta Uilíoch. Ba cheart go ndíreodh athchóirithe chun leathnú ar an mbonn amach anseo ar Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa agus ar aghaidh a thabhairt ar ábhair imní a bhaineann le cothromas cothrománach.
5.3	Molann an Coimisiún go mbeadh rioscaí suntasacha inbhuanaitheachta ag baint le ró-spleáchas fadtéarmach ar fháltais Chánach Corparáide agus gur cheart iad a sheachaint. Tacaíonn an Coimisiún le tograí chun díriú ar úsáid fáltas iomarcach sa réimse seo a chur sa Chiste Éigeandála nó chun fiachas a laghdú seachas laghduithe cánach nó méaduithe buana ar chaiteachas a mhaoiniú.
5.4	Molann an Coimisiún go leathnófaí go hincriminteach bonn na gcánacha tomhaltais agus béim á cur ar úsáid nialas agus rátaí laghdaithe Cánach Breisluacha a

	theorannú. Ba cheart roinnt cánacha agus athchóirithe a bhaineann leis an gcomhshaol ar chánacha atá ann cheana a thabhairt isteach chun teacht in ionad sruthanna ioncaim agus chun tacú leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin.
5.5	Molann an Coimisiún gur cheart go méadódh an toradh foriomlán ó rachmas agus ó chánacha caipitil, lena n-áirítear maoin, talamh, cánacha fáltas caipitiúil agus gnóthachan caipitiúil go hábhartha mar chion den ioncam cánach foriomlán.
Caibidil 6: Cothromas Cánach agus Leathnú Boinn	
6.1	Molann an Coimisiún gur cheart ceist na haoise a bhaint mar chúinse chun an muirear ar Cháin Ioncaim agus Muirear Sóisialta Uilíoch a chinneadh. Ba cheart na hathruithe atá ag teastáil ar gach muirear a thabhairt isteach le himeacht ama chun drochthionchair a íoslaghdú.
6.2	Molann an Coimisiún gur cheart rátaí an Mhuirir Shóisialta Uilíoch a chinneadh de réir leibhéal ioncaim agus ní trí thagairt d'aon chritéir cháilitheachta eile.
6.3	Molann an Coimisiún gur cheart go mbeadh bonn íocaíochta an chánachais faoi réir teorainn saoil trí bliana.
6.4	Molann an Coimisiún gur cheart an Srian Pearsana Aonair atá ar Ard-Ioncam a choinneáil. Chun a chinntiú nach ndéanfaí dochar don bhunchuspóir beartais, níor cheart faoisimh chánach a eisiamh óna shainchúram ach amháin i gcásanna eisceachtúla.
6.5	Molann an Coimisiún gur cheart cáin a ghearradh ar ioncam úis ar thaiscí ag ráta imeallach Cánach Ioncaim agus Muirir Shóisialta Uilíoch an duine aonair. Ba cheart córas a fhorbairt chun éascú a dhéanamh ar bailiú na muirear sin ag an bhfoinse ag institiúidí airgeadais i bhfíor-am.

6.6	Molann an Coimisiún gur cheart meitheal a bhunú chun athbhreithniú a dhéanamh ar chánachas cistí, ar pholasaithe árachais saoil agus ar tháirgí infheistíochta eile agus athruithe a mholadh orthu agus spriocanna an tsimplithe agus an chomhchuibhithe a bheith acu nuair is féidir. Ba cheart an meitheal a bhunú le sainordú glanioncaim a thiomsú nó le sainordú neodrach.
6.7	Ag féachaint do ról na hinfheistíochta institiúidí i margadh réadmhaoine na hÉireann, molann an Coimisiún don Rialtas athbhreithniú a dhéanamh ar chreat an Iontaobhais Infheistíochta Eastáit Réadaigh, ar chóras Chiste Eastáit Réadaigh na hÉireann agus ar úsáid feithiclí alt 110 sa réimse seo. Ba cheart machnamh a dhéanamh freisin ar athbhreithniú níos leithne a dhéanamh ar réimeas alt 110 i gcoitinne. Ba cheart go dtacódh an Roinn Airgeadais, na Coimisinéirí Ioncaim agus Banc Ceannais na hÉireann leis an athbhreithniú seo.
6.8	Molann an Coimisiún an bonn Cánach Breisluacha (CBL) a leathnú agus teorainn a chur le húsáid rátaí nialasacha agus rátaí laghdaithe CBL. Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an gcánachas CBL ar earraí agus seirbhísí lena mbaineann na rátaí sin faoi láthair chun a mheas an bhfuil sé oiriúnach.
6.9	Molann an Coimisiún gur cheart an ráta Cánach Breisluacha ar na hearraí agus na seirbhísí sin a mheallann dara ráta laghdaithe faoi láthair (9 faoin gcéad faoi láthair) a mhéadú le himeacht ama go dtí an ráta laghdaithe (13.5 faoin gcéad faoi láthair).
6.10	Mar gheall ar an sciar measartha mór d'earraí agus seirbhísí a mheallann rátaí nialasacha agus laghdaithe Cánach Breisluacha in Éirinn, molann an Coimisiún freisin gur cheart an ráta laghdaithe 13.5 faoin gcéad a mhéadú diaidh ar ndiaidh le himeacht ama.

6.11	Ní thacaíonn an Coimisiún le laghduithe sealadacha ar Cháin Bhreisluacha a úsáid mar bheart spreagtha gearrthéarmach.
6.12	Molann an Coimisiún go dtabharfaí isteach cáin chóiríochta. Ba cheart an rún chun an cháin seo á tabhairt isteach a chur in iúl go luath agus ba cheart tabhairt faoi phróiseas rannpháirtíochta leis na geallsealbhóirí ábhartha sula gcuirfear an cháin chun feidhme.
Caibidil 7: Cánacha ar Chaipiteal agus ar Rachmas	
7.1	Molann an Coimisiún, ar fhorais an chothromais chothrománaigh, go bpléifí le haistriú sócmhainní ar bhás mar dhiúscairt chun críocha Cánach Gnóthachan Caipitiúil. Ba chóir go mbeadh feidhm ag láimhseáil na Cánach Gnóthachan Caipitiúil ar shócmhainní a aistríodh le linn saolré i dtéarmaí cánach iníoctha, díolúintí agus faoisimh atá ar fáil maidir le sócmhainní a aistrítear ar bhás.
7.2	Molann an Coimisiún gur chóir srian a chur leis an bhFaoiseamh do Cháin Ghnóthachan Caipitiúil do Phríomháit Chónaithe Phríobháideach le himeacht ama.
7.3	Molann an Coimisiún go dtabharfaí isteach teorainn saoil ar gach diúscairt ghnóthaí agus feirmeacha chuig leanaí a cháilíonn le haghaidh Faoiseamh Scoir.
7.4	Molann an Coimisiún tairseach Ghrúpa A na Cánach Fáltas Caipitiúil a laghdú go suntasach, rud a thugann tairseach Ghrúpa A níos gaire do thairseacha Ghrúpa B agus Ghrúpa C. Thairis sin, molann an Coimisiún go neartófaí na riachtanais tuairiscithe a bhaineann le grúpthairseacha a úsáid.
7.5	Molann an Coimisiún gur cheart feidhm a bheith ag tairseacha caidrimh Ghrúpa B don Cháin Fháltas Caipitiúil maidir le páiste altrama ar an mbealach céanna

	dá mba pháiste de chuid a t(h)uismitheoirí altrama é an páiste atá faoi thrácht, de réir dlí.
7.6	Molann an Coimisiún go laghdófaí leibhéal an Fhaoisimh Talmhaíochta agus Gnó atá ar fáil le haghaidh Cáin Fháltas Caipitiúil agus go ndéanfaí leasuithe ar na coinníollacha cáilitheacha don dá fhaoiseamh ar mhaithe le dreasú, agus chun rannpháirtíocht ghníomhach an fhaighteora san fheirm nó sa ghnó a chinntiú.
7.7	Molann an Coimisiún gur cheart muirear modhúil a ghearradh ar bhronntanais agus oidhreachtaí i gcoitinne.

Caibidil 8: Cánacha ar Choigilteas Scoir	
8.1	Molann an Coimisiún go ndéanfaí an tsamhail soláthair pinsin 'Díolmhaithe, Díolmhaithe, Faoi Cháin' a chur chun feidhme ar bhealach níos cuimsithí, lena n-áirítear laghdú fóinteach a mholadh ar leibhéal foriomlán na cnapshuime saor ó cháin atá ar fáil óna leibhéal reatha (ar fiú níos mó ná ceithre huaire meántuilleamh é). Ba cheart rátaí imeallacha cánach a bheith i bhfeidhm ar gach cnapshuim thar an tairseach saor ó cháin.
8.2	Molann an Coimisiún gur cheart go mbeadh cnapshuim amháin atá saor ó cháin amháin agus a bhfuil teorainn saoil léi ann chun cnapshuimeanna pinsin agus aon íocaíochtaí foirceanta ex-gratia a fhaightear a áireamh.
8.3	Molann an Coimisiún gur cheart caitheamh le sócmhainní an Chiste Scoir Formheasta chun críocha cánach oidhreachta ar an mbealach céanna le sócmhainní eile i gcás ina bhfaighidh aon duine seachas céile an duine aonair iad le hoidhreacht. Ba chóir Cáin Ioncaim agus Cáin Fháltas Caipitiúil araon a chur i bhfeidhm. Tacaíonn sé seo leis an tsamhail 'Díolmhaithe, Díolmhaithe, Faoi Cháin' agus coinníonn sé ionramháil chothrom laistigh den chóras.
8.4	Molann an Coimisiún go gcuirfí ráta bliantúil ranníocaíochta aonair in ionad rátaí ranníocaíochta a

	bhaineann le haois. Molann an Coimisiún freisin go mbainfí an uasteorainn tuillimh bhliantúil ar ranníocaíochtaí faoi réir teorainneacha saoil iomchuí atá fós i bhfeidhm.
8.5	Molann an Coimisiún go ndéanfaí an Tairseach Ciste Chaighdeánach a thagarmharcáil go tréimhsiúil chuig leibhéal iomchuí agus cothrom d'ioncam scoir mheasta.
8.6	Molann an Coimisiún go ndéanfaí athbhreithniú go práinneach ar infhaighteacht sonraí iomchuí agus leordhóthanacha maidir le costas agus dáileadh caiteachas cánach pinsin. Cuireann easpa sonraí maithe cosc suntasach ar mheastóireacht rialta agus dhian ar na caiteachais chostasacha seo.
8.7	Molann an Coimisiún gur cheart neamhréireanna sa chaoi a gcaitear le socruithe scoir éagsúla a dhíothú, a mhéid is féidir.
Caibidil 9: Fiontraíocht a Chur Chun Cinn	
9.1	Tacaíonn an Coimisiún le straitéis reatha na hÉireann maidir le cáin chorparáide, lena n-áirítear rannpháirtíocht leanúnach na hÉireann in iarrachtaí idirnáisiúnta chun dul i ngleic le cleachtais ionsaitheacha agus/nó dhíobhálacha cánach corparáide. Tacaíonn an Coimisiún le glacadh an Réitigh Dhá Cholún chun Aghaidh a thabhairt ar na Dúshláin Chánach a eascraíonn as Digitiú an Gheilleagair, chomh maith le réitigh iltaobhacha a fhorbairt chun creimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis a chorraí.
9.2	Molann an Coimisiún go leanfaí d'úsáid a bhaint as ráitis aiseolais agus as treochláir ar cheart iad a chur i bhfeidhm ar bhealach níos fearr maidir le heintitis dhúchasacha agus fiontair bheaga agus mheánmhéide.
9.3	Molann an Coimisiún gur cheart comhdhlúthú an Achta Comhdhlúite Cánacha, 1997 (ACC), a dhéanamh go tréimhsiúil mar phrionsabal. Ba cheart machnamh a

	dhéanamh ar an gcaoi ar féidir simpliú níos mó a dhéanamh ar na cóid chánachais atá ann cheana a bhaint amach mar chuid den chleachtadh sin.
9.4	Tacaíonn an Coimisiún le húsáid beart cánachais atá spriocdhírithe go hiomchuí chun tacú le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide infheistíocht chothromais a ardú, agus ar an gcaoi sin tacú le gnólachtaí den sórt sin fostaíocht a bhunú, a fhás agus a choinneáil. Tacaíonn an Coimisiún le húsáid agus forbairt leanúnach scéimeanna infheistíocht-bhunaithe, amhail an Dreasacht Infheistíochta Fostaíochta (DFI). Molann an Coimisiún gur cheart DFI a leathnú agus a fheabhsú chun tacú le gnólachtaí luathchéime, ardriosca agus atá dian ar thaighde agus ar fhorbairt infheistíocht chobhsaí airgeadais a mhealladh.
9.5	Molann an Coimisiún go leathnófaí Faoiseamh d'Fhiontraithe chuig aingil ghnó, faoi réir teorainneacha agus coinníollacht iomchuí.
9.6	Aithníonn an Coimisiún an ról tábhachtach atá ag an gcóras cánach maidir le tacú le cultúr láidir nuálaíochta, taighde agus forbartha ar fud an gheilleagair agus é a spreagadh. Aithníonn an Coimisiún freisin a thábhachtaí atá an creidmheas cánach Taighde agus Forbartha (T&F) sa réimse sin agus dá bhrí sin molann sé go dtabharfaí isteach bearta feabhsaithe faoisimh atá dírithe ar fhiontair bheaga agus fiontair mhicrimhéide. Ina theannta sin, ba cheart níos mó treorach agus tacaíochtaí a thabhairt isteach chun glacadh níos fearr ag Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide a éascú ar bhonn níos ginearálta. Molann an Coimisiún go dtabharfaí aird ar luasghéarú teoranta ar an ngné in-aisíoctha den chreidmheas cánach T&F ó thrí bliana go bliain amháin chun tacú le gnólachtaí luathchéime agus gnólachtaí atá dian ar thaighde agus ar fhorbairt.

9.7	Molann an Coimisiún go leithdháilfí acmhainní agus cumais speisialaithe ar na Coimisinéirí Ioncaim, agus ar an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus ar a gníomhaireachtaí chun meicníocht réamhdhearbhaithe a fhorbairt d'fhonn rochtain níos leithne ar dhreasachtaí cánach amhail an creidmheas cánach Taighde agus Forbartha agus an Dreasacht Infheistíochta Fostaíochta a chumasú.
9.8	Aithníonn an Coimisiún a thábhachtaí atá luach saothair scairbhunaithe chun tacú le FBManna agus le fiontair dhúchasacha tallann a mhealladh agus a choinneáil agus measann sé go bhfuil ról aige don chóras cánach sa réimse sin. Ní chreideann an Coimisiún go bhfuil a chuid cuspóirí á mbaint amach ag an bPríomhchlár Rannpháirtíochta Fostaithe (PCRF) mar atá sé agus molann sé gur cheart PCRF a athchóiriú chun a úsáid a leathnú.
9.9	Molann an Coimisiún gur cheart an díolúine an fhostóra ó Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC) ar luach saothair scairbhunaithe a theorannú trí uasteorainn bhliantúil iomchuí a thabhairt isteach nó, seachas sin, agus an díolúine srianta do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.
9.10	Molann an Coimisiún gur cheart cánachas ar scair-roghanna fostaithe a aistriú ó fhéinmheasúnú go dtí an córas Íoca Mar a Thuillir (ÍMAT).
9.11	Molann an Coimisiún gur cheart go mbeadh an Clár Faoisimh do Shannaithe Speisialta (CFSS) faoi réir srianta breise agus gur cheart leanúint leis a bheith faoi réir athbhreithniú rialta mar chuid den phróiseas athbhreithnithe ar chaiteachas cánach.
9.12	Molann an Coimisiún go ndéanfaí athbhreithniú ar chritéir cháilitheacha na hAisbhainte Tuillimh Eachtraigh (ATE) lena chinntiú go n-úsáideann

	éilitheoirí an beart ar bhealach atá comhsheasmhach le bhunchuspóir a bheartais.
9.13	Molann an Coimisiún gur cheart cánachas fostaithe soghluaiste idirnáisiúnta a fhaigheann luach saothair scaireanna (lena n-áirítear aonaid stoic shrianta) a ailíniú leis an ionramháil ghinearálta is infheidhme maidir le scair-roghanna neamhcheadaithe.
9.14	Molann an Coimisiún go ndéanfaí athbhreithniú ar choinníollacha cáilitheacha an fhaoisimh trasteorann i gcomhthéacs cleachtais oibre nua-aimseartha.
Caibidil 10: Margaí Saothair agus Córais Chosanta Sóisialta	
10.1	Molann an Coimisiún tairseach iontrála íseal a choinneáil le haghaidh rochtain ar árachas sóisialta.
10.2	Creideann an Coimisiún gur cheart go mbeadh feidhm ag ráta ainmniúil níos ísle d'Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC) fostaí maidir le tuilleamh faoi bhun thairseach ranníocaíochta ÁSPC an fhostaí, atá ag €352 in aghaidh na seachtaine faoi láthair.
10.3	Molann an Coimisiún, d'fhonn an bonn Árachais Shóisialaigh Phá-Choibhneasa (ÁSPC) a leathnú, gur cheart ÁSPC a leathnú chuig gach foinse ioncaim fostaíochta, lena n-áirítear, mar riail ghinearálta, luach saothair scairbhunaithe.
10.4	Molann an Coimisiún go n-íocfadh daoine atá os cionn aois an phinsin Stáit Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa ar gach ioncam seachas íocaíochtaí leasa shóisialaigh.
10.5	Molann an Coimisiún an díolúine Árachais Shóisialaigh Phá-Choibhneasa ar ioncam pinsin fhorlíontaigh (pinsin cheirde agus phearsanta, agus pinsin san earnáil phoiblí) a bhaint.
10.6	Molann an Coimisiún, ar mhaithe leis an dlúthpháirtíocht, gur cheart go leanfadh an ráta muirir ar Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC) ar ioncam neamhthuillte de bheith ailínithe leis an ráta níos airde

	ÁSPC a bhaineann le fostaithe ar a n-ioncam ó fhostaíocht i gcoitinne.
10.7	Molann an Coimisiún gur cheart imill aille sna córais chánachais agus leasa a bhaint.
10.8	Ní thacaíonn an Coimisiún le Bunioncam Uilíoch a fhorbairt in Éirinn.
Caibidil 11: Fostaíocht a Chur Chun Cinn	
11.1	Molann an Coimisiún gur cheart sochair thánaisteacha do dhaoine in aois fostaíochta a dhearadh ar bhonn tras-rannach chun comhleanúnachas a chinntiú, agus dreasachtaí diúltacha oibre íoslaghdaithe agus sochair spriocdhírithe go hiomchuí agus go héifeachtach. Chun comhtháthú agus barrchaolú iomchuí sochar tánaisteach a chinntiú leis an gcreat tacaíochtaí ioncaim atá ann cheana, ba cheart measúnú a dhéanamh ar thionchair aon sochair nua sula dtabharfar scéimeanna nua isteach. Ba cheart do ranna eile dul i gcomhairle leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus comhairle a ghlacadh uathu maidir le haon íocaíochtaí a bhfuil tástáil acmhainne déanta orthu. Ba cheart rochtain a bheith ag gach gníomhaireacht a dhéanann cinntí maidir le hincháilitheacht ar an bhfaisnéis ardcháilíochta chéanna.
11.2	Tugann an Coimisiún faoi deara go mbeidh tionchar ag roinnt moltaí sa tuarascáil seo ar chostas na fostaíochta agus go bhfuil sé feasach ar fhorbairtí beartais eile (lena n-áirítear, mar shampla, athruithe maidir le pá breoiteachta reachtúil, uath-rollú, etc.) a mbeidh tionchar acu freisin ar chostais fostóirí sa mheántéarma. Is gá bainistiú agus comhordú a dhéanamh ar tabhairt isteach na n-athchóirithe seo céim ar chéim. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún go mbunófaí sásraí comhordaithe iomchuí chun faireachán a dhéanamh ar thoradh carnach

	na n-athruithe ar chostais saothair a bhaineann le beartas ar fhiontar agus ar dhaoine féinfhostaithe.
11.3	Creideann an Coimisiún nár cheart ach ráta amháin d'Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa Fostóra (ÁSPC), atá cothrom leis an ardráta (11.05 faoin gcéad faoi láthair), a chur i bhfeidhm ar gach ioncam seachtainiúil, agus gur cheart deireadh a chur de réir a chéile leis an ráta níos ísle ÁSPC fostóra, a bhfuil feidhm aige faoi láthair ar ioncaim suas le €410 in aghaidh na seachtaine.
11.4	Chun na hidirdhealuithe idir foirmeacha dlíthiúla a íoslaghdú agus chun déileáil le gníomhaíochtaí den chineál céanna ar bhealaí comhchosúla, tacaíonn an Coimisiún leis an bprionsabal gur cheart an ráta Árachais Shóisialaigh Phá-Choibhneasa (ÁSPC) ar fhéinfhostaíocht (Aicme S) a ailíniú le himeacht ama leis an ráta fostóirí ÁSPC Aicme A a ghabhann le fostaíocht (11.05 faoin gcéad faoi láthair).
11.5	Aithníonn an Coimisiún nach gcomhlíonann formhuirear an Mhuirir Shóisialta Uilíoch ar ioncam nach Íoc Mar a Thuillir (ÍMAT) é atá os cionn €100,000 le prionsabal an chothromais chothrománaigh, agus molann sé gur cheart an chóireáil chánach do gach saothraí ioncaim a ailíniú.
11.6	Molann an Coimisiún go mbogfaí go céimiúil i dtreo indibhidiúlú an Scoithphointe Ráta Chaighdeánaigh mar chéim agus aghaidh á tabhairt ar éagothromaíochtaí sa chóras Cánach Ioncaim, fostaíocht mhéadaithe a éascú, agus an bhearna sa ráta fostaíochta idir fir agus mná a laghdú.
11.7	Molann an Coimisiún gur cheart don tSeirbhís Fostaíochta Poiblí (SFP) comhairle a sholáthar bunaithe ar chonairí fostaíochta daoine a bhfuil saintréithe comhchosúla acu, agus anailís á déanamh ar thorthaí

	chláir na SFPanna lena gcuirtear na cláir ar leith ar an eolas ag pointí sonracha sa timthriall eacnamaíoch.
11.8	Creideann an Coimisiún gur cheart go mbeadh raon na dtairiscintí maidir le Clár an Mhargaidh Saothair Ghníomhaigh faoi stiúir dianfhianaise agus meastóireachta ar a nglantionchar ar ionchais fostaíochta fhadtéarmacha an chuardaitheora poist.
11.9	Molann an Coimisiún seirbhísí fostaíochta a leathnú chuig faighteoirí íocaíochtaí tacaíochta ioncaim eile. Ní mór acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil don tSeirbhís Fostaíochta Poiblí chun na seirbhísí seo a sholáthar.
11.10	Molann an Coimisiún go ndéanfaí samhail seirbhísí fostaíochta, cosúil leis an tsamhail atá i bhfeidhm faoi láthair do thuismitheoirí aonair, a leathnú go daoine fásta cáilithe.
Caibidil 12: Cosaint Shóisialta Chuimsitheach Chomhtháite	
12.1	Molann an Coimisiún go dtabharfadh an Rialtas faoi chleachtadh tagarmharcála rialta maidir le gach tacaíocht ioncaim in aois fostaíochta (lena n-áirítear tacaíochtaí do dhaoine atá dífhostaithe, do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine atá ag tuismitheoireacht leo féin), agus ina dhiaidh sin ba cheart spriocanna ilbhliantúla a leagan síos do rátaí leasa shóisialaigh lena ndéantar foráil maidir le dul chun cinn incriminteach rialta. Ba cheart go mbeadh méaduithe bliantúla ar rátaí leasa shóisialaigh bunaithe ar phróiseas trédhearcach agus bunaithe ar fhianaise.
12.2	Molann an Coimisiún gur cheart íocaíochtaí in aois oibre a athchóiriú i dtreo íocaíocht chúnta i gcás aois oibre a bhaineann le hioncam a bheith ar fáil do gach teaghlach. Ba cheart an íocaíocht a dhearadh ionas nach dtabharfaí fóirdheontas d'fhostaíocht ar phá íseal.

12.3	Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé ar intinn ag an Rialtas gné níos mó de shochair phá-choibhneasa a thabhairt isteach laistigh den chóras Árachais Shóisialaigh. Molann an Coimisiún gur cheart dreasachtaí chun oibre agus inbhuanaitheacht an Chiste Árachais Shóisialaigh a chur san áireamh i ndearadh na sochar sin. Má thugtar isteach é, ba cheart go mbeadh aon sochar den sórt sin gearr, faoi réir uasteorainn, agus ba cheart síneadh a chur leis diadh ar ndiaidh chun sochar máithreachais, atharthachta, tuismitheoirí agus breoiteachta a áireamh.
12.4	Ní mholann an Coimisiún gur chóir go mbeadh Sochar Linbh faoi réir cánach.
12.5	Molann an Coimisiún gur cheart an córas reatha tacaíochtaí ioncaim leanaí a athchóiriú chun éascú a dhéanamh ar dhara sraith de thacaíocht ioncaim leanaí a bhaineann le hioncam a thabhairt isteach chomh maith le Sochar Linbh a chomhcheanglaíonn tacaíochtaí atá ann cheana agus a sholáthrófaí do gach teaghlach ar ioncam íseal, bíodh íocaíocht leasa shóisialaigh á fáil acu nó ná bíodh.
12.6	Molann an Coimisiún go ndéanfaí indibhidiúlú na n-íocaíochtaí a dhéantar le daoine fásta cáilithe a chur chun cinn. Ba cheart an tsraith prionsabal a leagann an Coimisiún amach a bheith mar threoir air sin.
Caibidil 13: Bogadh chuig Geilleagar Ísealcharbóin	
13.1	Molann an Coimisiún go gcuirfí i bhfeidhm an méadú céimnithe ar an gCáin Charbóin go €100 in aghaidh an tona dé-ocsaíd charbóin a astaítear faoi 2030, mar atá leagtha amach i Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht Airgeadais, 1999, (Cáin Ola Mianra) arna leasú. Ba chóir méaduithe ar Cháin Charbóin tar éis an dáta seo a chomharthú go soiléir agus a nascadh le costas sochaíoch an charbóin.

13.2	Molann an Coimisiún go ndéanfaí cothromú ar an ráta Dleachta Máil ar ghluaisteán díosail agus peitril sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma.
13.3	Tacaíonn an Coimisiún leis an bprionsabal gur cheart fóirdheontais leabaithe do bhreoslaí iontaise cánach a laghdú ar bhonn céimnithe le himeacht ama, agus é de chuspóir aige sin a chinntiú go léirítear le cánachas breosla an méid carbóin a astaítear. Ba cheart iad siúd is díobhálaí don chomhshaol do bhreoslaí iontaise a chur in ord tosaíochta lena mbaint mar aon leo siúd a bhfuil roghanna malartacha inmharthana ann ina leith. Ba cheart don Rialtas treochlár a fhoilsiú faoi 2023 ina leagfar amach spriocanna uaillmhianacha chun fóirdheontais a dhíothú faoi 2030.
13.4	Tugann an Coimisiún dá aire na hathruithe ar leibhéal an Aontais maidir le cánachas leictreachais amach anseo, lena n-áirítear íosráta Dleachta Máil a bhfuil coinne lena chur i bhfeidhm go héigeantach a bhfuil coinne leis maidir le leictreachas le haghaidh úsáid teaghlaigh. Aithníonn an Coimisiún freisin gur gá don Státchiste ioncam breise ó cháin ar leictreachas a ghiniúint sa mheántéarma agus san fhadtéarma (tar éis 2030) chun teacht in ionad ioncaim ó bhreoslaí iontaise. Molann an Coimisiún gur cheart an t-am a roghnú go cúramach d'aon mhéaduithe den sórt sin, iad a chomharthú go soiléir roimh ré agus nár cheart dóibh gníomhú mar dhídhreasacht d'úsáid foinsí leictreachais in-athnuaite i ngníomhaíochtaí atá dian ar charbón.
13.5	Molann an Coimisiún go ndéanfaí an Mhótarcháin agus an Cháin Chláraithe Feithiclí ar mhótarfheithiclí tráchtála agus neamhthráchtála a athdhearadh sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ar bhealach atá comhsheasmhach le cuspóirí comhshaoil agus a chinntíonn go gcoinnítear ioncam cánach ó mhótarfheithiclí.

13.6	Molann an Coimisiún go dtabharfaí isteach, sa mheántéarma, muirir ar úsáid bóithre bunaithe ar fhad, suíomh agus am. Ba cheart go n-áireofaí sa phleanáil do tháillí den sórt sin sainaithint luath na teicneolaíochta oiriúnaí atá le húsáid chun iad a ríomh agus a chur i bhfeidhm.
13.7	Molann an Coimisiún go dtabharfaí isteach muirir ar bhrú tráchta i bpríomhlimistéir uirbeacha, bunaithe ar roinnt príomh-mhéadrachtaí a bhaineann le tionchar ar an gcomhshaol agus ar an tionchar aonair. Ba cheart na muirir seo a athbhreithniú tar éis muirir úsáide bóthair a thabhairt isteach.
13.8	Molann an Coimisiún go dtabharfaí isteach dleacht bhreise ar pháirceáil neamhchónaithe, idir phoiblí agus phríobháideach, agus gan a bheith teoranta do pháirceáil a sholáthraíonn fostóirí, sna príomhlimistéir uirbeacha chéanna a shainaithnítear a bheith oiriúnach do mhuirir bhrú tráchta.
13.9	Glacann an Coimisiún leis an réasúnaíocht a bhaineann le húsáid caiteachas cánachais spriocdhírithe chun tacú le spriocanna beartais an Rialtais i ndáil le dícharbónú a bhaint amach, agus chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna idir costais tosaigh na hinfheistíochta agus an tréimhse chun toradh a fháil orthu sin. Ba cheart cuspóir beartais atá sainaitheanta go soiléir a bheith ag bearta den sórt sin, ba cheart iad a bheith dírithe, agus ba cheart iad a bheith i bhfeidhm ar feadh tréimhse teoranta chun cabhrú le tionchar a imirt ar an athrú iompraíochta is gá.

Caibidil 14: Talamh agus Maoin	
14.1	Molann an Coimisiún go dtabharfaí isteach Cáin ar Luach Suímh (CLS) ar an talamh go léir nach bhfuil faoi réir na Cánach Maoine Áitiúla faoi láthair. Áirítear leis seo tailte tráchtála (forbartha agus neamhfhorbartha), tailte úsáide measctha, talmhaíochta, tailte cónaithe

	criosaithe neamhfhorbartha, agus tailte faoi úinéireacht an Stáit chomh maith leis an talamh go léir ar a suíonn áitribh thréigthe agus do-áitrithe. Ba cheart do CLS teacht in ionad an chórais Rátaí Tráchtála atá ann cheana tar éis tamaill.
14.2	Molann an Coimisiún gur cheart go mbeadh cóir dhifreálach ann maidir le Cáin Luacha Láithreáin a chur i bhfeidhm ar thalamh talmhaíochta.
14.3	Molann an Coimisiún gur cheart go bhfanfadh struchtúr reatha agus gnéithe leathana na Cánach Maoine Áitiúla mar atá. Áirítear leis seo bonn luach margaidh chun an muirear a chur i bhfeidhm, díolúintí a choinneáil chomh híseal agus is féidir agus athluachálacha rialta a úsáid go leanúnach.
14.4	Ba chóir go méadódh ioncam a eascraíonn as an gCáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) chun sciar i bhfad níos mó den ioncam iomlán a chruthú trí na bunrátaí cánachais a choigeartú agus b'fhéidir trí choigeartú bandaí luachála. Ba chóir deireadh a chur le cumas na n-údarás áitiúil an bunráta CMÁ a laghdú.
14.5	Molann an Coimisiún, i gcás úinéirí maoine iolracha, gur cheart formhuirear Cánach Maoine Áitiúla a chur i bhfeidhm ar mhaoin nach bhfuil áitithe mar phríomháit chónaithe phríobháideach úinéir na maoine nó tionónta cláraithe.
14.6	Ba chóir formhuirear Cánach Maoine Áitiúla a thabhairt isteach le haghaidh maoine folmha.
14.7	Molann an Coimisiún nár cheart dreasachtaí cánach a úsáid chun soláthar tithíochta a spreagadh.
14.8	Tacaíonn an Coimisiún leis an athchóiriú ar na scéimeanna cíosanna difreálacha i dtreo córas náisiúnta atá bunaithe ar an acmhainn chun íoc. I gcás athruithe atá beartaithe ar thacaíochtaí sóisialta, ba cheart go ndéanfaí breithniú iomlán ar an tionchar a d'fhéadfaidís a imirt ar dhreasachtaí chun oibre.

14.9	Molann an Coimisiún gur cheart go mbeadh an córas cánach neodrach agus cineálacha éagsúla tionachta á gcóireáil aige.
14.10	Molann an Coimisiún go gceadófaí don scéim 'Cabhair le Ceannach' dul in éag mar a bhí beartaithe ag deireadh 2022.

Caibidil 15: Dea-Shláinte Phoiblí a Chur Chun Cinn	
15.1	Tacaíonn an Coimisiún le húsáid cánachais chun sláinte phoiblí a chur chun cinn in Éirinn. Go háirithe, tacaíonn sé le Dleachtanna Máil/cánacha a thobhach ag rátaí arda, rud a bhaineann leis an gcostas sóisialta a eascraíonn as tomhaltas alcóil, tobac agus deochanna siúcra-mhilsithe. Ba cheart don Rialtas féachaint leis an nasc idir réasúnaíocht na sláinte poiblí agus dearadh na gcánacha seo a neartú le himeacht ama.
15.2	Molann an Coimisiún go bhforbródh an Rialtas bearta fioscacha a d'fhéadfaí a thabhairt isteach chun laghdú ar thomhaltas bianna an-phróiseáilte a spreagadh, chun tacú le bearta athmhúnlaithe ceartaitheacha chun dochar ó bhianna den sórt sin a laghdú agus nósanna itheacháin níos sláintiúla a chur chun cinn. Agus tograí den sórt sin á bhforbairt aige, ba cheart don Rialtas a bheith comhfhiosach faoi éifeacht dháileacháin na n-athruithe atá beartaithe agus ar thionchar na mbeartas fioscach agus beartais eile ar cheannach tomhaltóirí agus a dtionchar ar rómheáchan agus ar mhurtall.
15.3	I gcomhthéacs chur i bhfeidhm Sláintecare, ba cheart deireadh a chur de réir a chéile le faoiseamh cánach d'árachas sláinte príobháideach.
Caibidil 16: Próiseas Athbhreithnithe ar Chaiteachas Cánach	
16.1	Molann an Coimisiún gur cheart don Roinn Airgeadais a chinntiú go mbailítear sonraí meastóireachta

	leordhóthanacha ar chaiteachais chánach, agus nuair is gá leasuithe reachtacha a mholadh chun bailiú a cheadú. Tabharfaidh sé seo aghaidh ar bhearnaí sonraí atá ann cheana agus ceadóidh sé tuiscint níos cuimsí ar na cánacha a tarscaoileadh, na cuspóirí a baineadh amach agus cén costas a bhain leis.
16.2	Molann an Coimisiún gur cheart don Roinn Airgeadais agus do na Coimisinéirí Ioncaim scrúdú rialta a dhéanamh ar an mbealach is oiriúnaí chun caiteachas cánach a chostáil ar bhonn cás ar chás agus modheolaíochtaí costála malartacha a mheas nuair a bhíonn sonraí ar fáil.
16.3	Tacaíonn an Coimisiún le clásail éagtha a áireamh go leanúnach chun athbhreithniú a dhéanamh ar gach caiteachas cánach nua, ba cheart don Rialtas breithniú a dhéanamh freisin ar chlásail éagtha a áireamh go cúlghabhálach i ndáil le caiteachais chánach atá ann cheana. Chuirfeadh sé seo bonn reachtúil ar fáil chun athbhreithniú rialta a dhéanamh ar gach caiteachas cánach.
16.4	Molann an Coimisiún go leathnófaí cumas tiomnaithe meastóireachta eacnamaíche laistigh den Roinn Airgeadais chun oibriú go sonrach ar chaiteachais chánach agus é mar aidhm aige níos mó faisnéise agus faisnéis níos fearr a sholáthar maidir le caiteachais chánach agus leibhéal níos déine agus níos comhsheasmhaí a thabhairt isteach i gcáilíocht an phróisis meastóireachta. Ba cheart do chomhlacht seachtrach iomchuí an obair mheastóireachta sin a athbhreithniú go piaraí freisin.
16.5	Iarrann an Coimisiún go neartófaí an mheastóireacht ex-ante ar chaiteachais chánach sula dtabharfar isteach iad chun torthaí beartais níos fearr a chinntiú. Ba chóir go n-áireofaí leis seo cur síos soiléir ar chuspóir an fhaoisimh chánach, an cliseadh margaidh atá ann chun

	aghaidh a thabhairt (más ann dó), tionchair dháileacháin an fhaoisimh chánach atá beartaithe agus an fáth a bhfuiltear ag tabhairt aghaidh air trí fhaoiseamh cánach seachas caiteachas díreach. Ba cheart go n-áireofaí i dtuarascálacha bliantúla ar chaiteachas cánach réamhaisnéisí do na blianta atá le teacht de réir treoirlínte maidir le réamhaisnéisí le haghaidh caiteachais dhírigh. Ba cheart athbhreithnithe ex-post a bheith chomh dian céanna.
16.6	Molann an Coimisiún gur cheart don Roinn Airgeadais, le tacaíocht ó na Coimisinéirí Ioncaim, sainmhíniú comhaontaithe aonair ar an gcóras cánach tagarmhairc a fhoilsiú agus a chothabháil agus máistirliosta de na caiteachais chánach go léir a thiomsú. D'áiritheofaí leis sin go n-áireofaí bearta cánach go córasach sa tagarmharc nó sa liosta caiteachais chánach.
16.7	Molann an Coimisiún gur cheart don Roinn Airgeadais plean straitéiseach a chur le chéile chun gach caiteachas cánach a mheas go rialta agus go dian de réir na dtreoirlínte ábhartha

Caibidil 17: Riarachán Cánach a Nuachóiriú	
17.1	Creideann an Coimisiún go bhfuil claochluithe digiteacha riachtanach do nuachóiriú rathúil na bpróiseas riaracháin chánach. Molann an Coimisiún gur cheart go mbeadh na claochluithe sin ina mbunphrionsabal lárnach de chlár struchtúrtha athchóirithe maidir le riarachán cánach ar cheart tús a chur leis a luaithe is féidir.
17.2	Molann an Coimisiún, a mhéid is féidir, gur cheart oibleagáidí comhlíonta a chur san áireamh i gcórais na gcáiníocóirí nádúrtha agus gur cheart do na Coimisinéirí Ioncaim aird chuí a thabhairt, i gcomhar le Ranna Rialtais eile de réir mar is gá, maidir leis an gcaoi ar cheart

	córais den sórt sin a ghiaráil d'fhonn tuairisciú fíor-ama a fheabhsú.
17.3	Tacaíonn an Coimisiún le réitigh uile-rialtais a úsáid chun seachadadh seirbhíse a fheabhsú.
17.4	Molann an Coimisiún go ndéanfar na bearta is gá chun a chinntiú go dtacaíonn an reachtaíocht go hiomlán le nuachóiriú an riaracháin chánach.
17.5	Molann an Coimisiún go ndéanfadh an Stát na hinfheistíochtaí is gá chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an ollstruchtúr teicniúil iomchuí is gá chun tacú go cuí le riarachán cánach agus bailiú sonraí nuachóirithe. Ba cheart go n-áireofaí leis sin freisin creataí iomchuí a fhorbairt le haghaidh rannpháirteachas le páirtithe leasmhara mar chuid de chur chuige comhdheachta i leith nuachóiriú den sórt sin.
17.6	Molann an Coimisiún go dtabharfaí tacaíochtaí do na Coimisinéirí Ioncaim agus don Roinn Coimirce Sóisialaí, de réir mar is gá, chun an bonn scileanna a theastaíonn a fhorbairt chun riarachán cánach agus leasa a athrú chun feabhais go digiteach.
17.7	Creideann an Coimisiún nach mór cosaint sonraí agus slándáil sonraí a bheith ina bpríomh-bhreithniú in aon phróiseas nuachóirithe, agus nach mór don phobal tuiscint shoiléir a bheith acu ar an gcaoi a bhfuil a gcuid sonraí á n-úsáid.
17.8	Molann an Coimisiún go gcoinneofar na tacaíochtaí agus na roghanna malartacha is gá, nó go bhforbrófaí iad nuair is gá, chun aghaidh a thabhairt ar an eisiamh digiteach.
17.9	Molann an Coimisiún go ndéanfaí feabhas naisc atá ann cheana idir na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) chun réiteach a fhiosrú a dhéanann foráil maidir le ÍMAT a chur i bhfeidhm ar íocaíochtaí incháinithe a dhéanann an RCS de réir mar atá siad á n-íoc. Agus réiteach den sórt sin á iniúchadh,

	tá gá le breithniú cúramach chun cruatan míchuí a sheachaint d'fhaighteoirí íocaíochtaí den sórt sin, agus tábhacht na n-íocaíochtaí airgid thirim i maolú na bochtaineachta á cur san áireamh.
17.10	Molann an Coimisiún go bhforbrófaí tuilleadh nasc idir na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) chun tástáil acmhainne níos éifeachtaí ar íocaíochtaí ón RCS a éascú.

Caibidil 18: Athchóiriú Straitéiseach	
18.1	Molann an Coimisiún go méadófaí an timthriall buiséid bhliantúil chun feabhas a chur ar an díospóireacht faoi shaincheisteanna fadtéarmacha inbhuanaitheachta fioscacha agus ar an eolas poiblí ina leith.
18.2	Molann an Coimisiún gur cheart do ranna Rialtais tógáil ar na cumais fhadtéarmacha anailíse fhioscacha atá ann cheana chun córas samhaltaithe cásanna agus tástála ar strus gaolmhar a fhorbairt. Ba cheart an córas a úsáid chun scrúdú a dhéanamh ar chásanna éagsúla airgeadais phoiblí amach anseo agus cé chomh maith agus a d'fhéadfadh an Stát freagairt dóibh. Ba cheart anailís a dhéanamh freisin maidir le leordhóthanacht na n-uirlisí beartais agus na gcóras riaracháin atá i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí féideartha.
18.3	Molann an Coimisiún go mbainfí úsáid níos mó as treochláir mheántéarmacha chun cinnteacht a thabhairt maidir le treo taistil beartais i ndáil le gnéithe sonracha den chóras cánachais agus leasa.
18.4	Molann an Coimisiún gur cheart go n-áireofaí i dTuarascálacha Feidhmíochta na Seirbhíse Poiblí, agus i gcás inarb iomchuí cuntais phoiblí eile, faisnéis faoi mhéid iomlán na n-acmhainní a leithdháiltear ar gach Roinn agus ar an méid a baineadh amach leis na

	hacmhainní sin, lena n-áirítear faisnéis faoi chaiteachais chánach.
18.5	Molann an Coimisiún gur cheart go mbeadh rochtain níos fearr ar shonraí riaracháin atá anaithnidithe go cuí chun tacú le taighde ar leas an phobail.
18.6	Molann an Coimisiún tacaíocht leanúnach do thaighde i réimsí an dháileadh ioncaim agus rachmais agus éifeachtaí an bheartais chánachais agus leasa, chomh maith le huirlisí feabhsaithe a fhorbairt le haghaidh meastóireacht ex-ante agus measúnú tionchair ar na hathruithe beartais atá beartaithe.
18.7	Molann an Coimisiún go leanfaidh an tseirbhís phoiblí d'infheistíocht a dhéanamh sna daoine agus sna scileanna is gá chun anailís bheartais agus forbairt bheartais i réimse an chánachais agus an leasa a fheabhsú thar raon disciplíní.